Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en, de)**

**11794/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0210(COD)**

**CODEC 1359**
**TRANS 310**
**MAR 98**
**ENV 845**
**ENER 444**
**IND 389**
**COMPET 758**
**ECO 57**
**RECH 352**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó Phoblacht na hOstaire**

Ar an iomlán, is céim thábhachtach é an Rialachán maidir le FuelEU Maritime i dtreo dícharbónú a dhéanamh ar an iompar muirí. Tá an Ostair i bhfabhar spriocanna uaillmhianacha agus is díol sásaimh di na laghduithe GCT níos airde agus an fochuóta breise maidir le breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch. Sa chomhthéacs sin, áfach, meastar go bhfuil fadhbanna ag baint leis an gclásal coibhéise toisc go mbaineann sé an bonn den leibhéal uaillmhéine sin agus go gceadaítear leis úsáid a bhaint as ‘breoslaí ísealcharbóin’ chun an fochuóta a bhaint amach. Tá cuimsiú na mbreoslaí sin i ndeargchodarsnacht leis an leibhéal uaillmhéine is gá agus le baint amach na spriocanna aeráide atá leagtha síos.

Is oth leis an Ostair gur cuireadh an clásal coibhéise isteach, lena gceadaítear freisin ‘breoslaí ísealcharbóin’ a áireamh i dtreo an fhochuóta maidir le breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a bhaint amach, ach is féidir léi, de mheon an chomhréitigh, comhaontú leis an téacs comhréitigh.